1. **Intinní Foghlama**

- Cabhrú le daoine óga cairdeas agus caidreamh a thuiscint agus a fhorbairt
- Tuiscint ar an ngéasacht a chur chun cinn
- Meon dearfach i leith do ghnéasachta féin agus i do chaidreamh le daoine eile a chur chun cinn
- Eolas agus meas ar an atáirgeadh a chur chun cinn
- An cumas a thabhairt do dhaoine óga meonta agus luachanna i leith a ngnéasachta i bhfrámaíocht mhorálta, spioradálta agus shóisialta a fhorbairt.

2. **Cuspóirí Ábhair**

- Ba choir go dtabharfadh OCG an cumas do dhaltaí:
- An tuiscint agus na scileanna a fháil atá riachtanach chun cairdeas agus caidreamh lláintiúil a fhoirmiú
- Mothú dearfach féinfheasachta a fhorbairt, in éineacht leis na scileanna chun féinmheas a thógáil agus a chothú
- Fios a fháil faoin iliomad bealaí ina bhfásann agus ina n-athraíonn daoine aonair le linn na hógántachta agus meas ar an éagsúlacht idir daoine a fhorbairt
- Fiseolaíocht an duine a thuiscint le tagairt ar leith don timthriall atáirgthe, torthúlacht an duine agus ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha
- Forbairt agus féinaithne ghnéasach a thuiscint agus gnéithe den ghnéasacht a scrúdú lena n-áirítear buanchruthú gnéasach, ceisteanna inscní agus tionchair chultúrtha ar ghnéasacht
- Meas a bheith acu ar shaol an teaghlaith agus freagrachtaí tuismíochta a thuiscint
- Straitéisí a fhorbairt le haghaidh cinntí agus gníomhaíochtaí atá ag teacht le hionracas morálta agus atá measúil ar chearta agus dínit daoine eile
- Scileanna a fhorbairt chun déileáil le piarbhrú, coinbhleacht agus bagairtí don tsábháilteacht phearsanta.

Tacóidh eilimintí eile den Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS (Bliain 4)), an curaclam níos leithne agus atmaisféar iomlán na scoile le cuid de na cuspóirí seo.